LEASUITHE 001-017
ón gCoiste um Iascach

Tuarascáil
Isabel Carvalhais **A9-0220/2020**
Bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO)

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2020)0215 – C9-0157/2020 – 2020/0095(COD))

Leasú 1

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ghlac Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) roinnt cinntí, ag an 41ú Cruinniú Bliantúil a bhí aici, atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le hacmhainní iascaigh faoina cúram a chaomhnú.	(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ghlac Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) roinnt cinntí atá ceangailteach ó thaobh an dlí de maidir le caomhnú a dhéanamh ar acmhainní iascaigh atá faoina cúram, ag an 41ú ***agus an 42ú*** Cruinniú Bliantúil a bhí aici, ***in 2019 agus 2020.***
_____	_____
Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) 1386/2007 ón	Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) 1386/2007 ón

gComhairle (IO L 141, 28.5.2019, lch. 1).	gComhairle (IO L 141, 28.5.2019, lch. 1).

Réasúnú

Is gá an tagairt do chruinniú 2020 a áireamh ós rud é go ndéanann an rapóirtéir cuid de na cinntí a thabhairt isteach mar leasuithe.

Leasú 2

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is ar Pháirtithe Conarthacha NAFO go háirithe a dhírítear na gníomhartha sin, ach cuirtear oibleagáidí ar oibreoirí leo chomh maith. ***Tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart an 2 Nollaig 2019,*** tá Bearta Caomhnaithe agus Forfheidhmithe NAFO (CEM), ina gceangal ar gach Páirtí Conarthach NAFO. A mhéid a bhaineann leis an Aontas, tá siad le hionchorprú i ndlí an Aontais sa mhéid is nach bhforáiltear maidir leo cheana le dlí an Aontais.	(2) Is ar Pháirtithe Conarthacha NAFO go háirithe a dhírítear na cinntí sin, ach cuirtear oibleagáidí ar oibreoirí leo chomh maith. Tá Bearta Caomhnaithe agus Forfheidhmithe (CEM) ***nua*** NAFO ***atá*** ina gceangal ar Pháirtithe Conarthacha uile NAFO ***tagtha i bhfeidhm.*** A mhéid a bhaineann leis an Aontas, tá siad le hionchorprú i ndlí an Aontais sa mhéid is nach ndéantar foráil maidir leo cheana le dlí an Aontais.

Réasúnú

Is gá athrú a dhéanamh ar an tagairt do theacht i bhfeidhm dhá CEM éagsúla, CEM 2019 agus 2020 a thug athruithe isteach atá ina gceangal ar Pháirtithe Conarthacha uile NAFO agus atá ionchorpraithe i ndlí an Aontais anois.

Leasú 3

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 3 – pointe 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) ‘Ciallaíonn “Suíomh gréasáin MSC” Suíomh Gréasáin Monatóireachta, Rialála agus Faireachais NAFO a bhfuil faisnéis ábhartha ann le haghaidh cigireachtaí ar muir agus cigireachtaí i gcalafort. Leagtar	(31) ‘Ciallaíonn “Suíomh gréasáin MSC” Suíomh Gréasáin Monatóireachta, Rialála agus Faireachais NAFO a bhfuil faisnéis ábhartha ann le haghaidh cigireachtaí ar muir agus cigireachtaí i gcalafort. Leagtar

amach an nós imeachta maidir le rochtain ar an suíomh gréasáin sin a dheonú do dhaoine laistigh de Pháirtithe Conarthacha in Iarscríbhinn II.XX a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 45 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.'.	amach an nós imeachta maidir le rochtain ar an suíomh gréasáin sin a dheonú do dhaoine aonair laistigh de Pháirtithe Conarthacha in Iarscríbhinn ***II.H*** a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 45 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Réasúnú

Tá an tagairt d'Iarscríbhinn CEM mícheart.

Leasú 4

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 6 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) In Airteagal 6(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
	"(fa) cosc a chur ar a iascach dírithe ar thrasc i Roinn 3M idir 24:00 Am Uilíoch Lárnach (AUL) an 31 Nollaig 2020 agus 24:00 AUL an 31 Márta 2021;"

Réasúnú

Cinneadh a glacadh ag cruinniú NAFO 2020 nach mór a ionchorprú i ndlí an Aontais.

Leasú 5

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:
	"Airteagal 9a

Trosc i Roinn 3M

1. Beidh feidhm ag na bearta rialaithe seo a leanas maidir le soithí ag a bhfuil níos mó ná 1 250 kg de ghabhálacha troisc ó Roinn 3M ar bord:

(a) ní dhéanfaidh soithí a ngabhálacha troisc ó Roinn 3M a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ach amháin i gcalafoirt atá ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 39;

(b) 48 n-uair ar a laghad roimh an am a mheastar a shroicfidh soitheach an calafort, cuirfidh soitheach nó ionadaí thar a cheann an t-am a mheastar a shroicfidh sé an calafort in iúl don údarás calafoirt inniúil, mar aon le cainníocht mheasta gabhálacha troisc ó Roinn 3M atá á coinneáil ar bord, agus faisnéis maidir leis an Roinn nó na Ranna inar gabhadh aon ghabhálacha eile troisc atá á gcoinneáil ar bord;

(c) déanfaidh gach Ballstát cigireacht ar gach gabháil troisc ó Roinn 3M a thabharfar i dtír nó a thrasloingseofar ina gcalafoirt agus ullmhóidh sé tuarascáil chigireachta san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 9 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus cuirfidh sé chuig an gCoimisiún í agus EFCA i gcóip, laistigh de 12 lá oibre ón dáta a cuireadh an chigireacht i gcrích. Sa tuarascáil, déanfar aon sárú ar an Rialachán seo a braitheadh le linn na cigireachta sa chalafort a shainaithint agus soláthrófar sonraí maidir leis. Áireofar inti an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil maidir le sáruithe a braitheadh ar muir le linn thuras reatha an tsoithigh ar a ndearnadh an chigireacht.

2. Déanfaidh gach Ballstát cigireacht ar shoithí ag a bhfuil níos lú ná 1 250 kg de ghabhálacha troisc ó Roinn 3M ar bord ar bhonn bainistithe riosca.

3. Áiritheoidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige go dtraschuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear

	i mír 1, pointe (c) chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO gan mhoill chun go ndéanfar í a phostáil ar shuíomh gréasáin MCS."

Réasúnú

Cinneadh a glacadh ag cruinniú NAFO 2020 nach mór a ionchorprú i ndlí an Aontais.

Leasú 6

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a – pointe i
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 10 – pointe 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) seolfaidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún ainm gach calafoirt atá ainmnithe aige dá réir sin agus déanfaidh an Coimisiún é a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin ***NEAFC***. Gach athrú a dhéanfar ar an liosta ina dhiaidh sin, fógrófar go gcuirfear é in ionad an tseanliosta tráth nach lú ná 20 lá roimh theacht i bhfeidhm don athrú.;	(c) seolfaidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún ainm gach calafoirt atá ainmnithe aige dá réir sin agus déanfaidh an Coimisiún é a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin ***NAFO.*** Aon athruithe a dhéanfar ar an liosta ina dhiaidh sin, fógrófar go gcuirfear é in ionad an tseanliosta tráth nach lú ná 20 lá sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.;

Réasúnú

Tá an tagairt do NEAFC mícheart agus ba cheart gur NAFO a bheadh ann.

Leasú 7

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) In Airteagal 14, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	"3a. Soithí trálaeir a bhfuil iascaireacht spriocdhírithe ar throsc i Roinn 3M á seoladh acu, bainfidh siad úsáid as greille

	shórtála nach mó an spás idir na barraí atá inti ná 55mm chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha na n-eiseamal troisc níos lú. Coiméadfar an ghreille shórtála sa phainéal uachtair ar thaobh an tráil os comhair an tsoic-fhoircinn."

Réasúnú

Cinneadh a glacadh ag cruinniú NAFO 2020 nach mór a ionchorprú i ndlí an Aontais.

Leasú 8

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 18 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7b) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Go dtí an 31 Nollaig ***2020,*** ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill in aon cheann de na limistéir a léirítear i bhFíor 3 de CEM dá dtagraítear i bpointe 14 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 15 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1."	"1. Go dtí an 31 Nollaig ***2021***, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill in aon cheann de na limistéir a léirítear i bhFíor 3 de CEM dá dtagraítear i bpointe 14 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 15 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1."

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1601979773580&uri=CELEX:32019R0833)

Réasúnú

Cinneadh a glacadh ag cruinniú NAFO 2020 nach mór a ionchorprú i ndlí an Aontais.

Leasú 9

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 c (nua)

Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 18 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7c) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. Go dtí an 31 Nollaig 2021, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéar Roinn 3O mar a léirítear i bhFíor 4 de CEM dá dtagraítear i bpointe 16 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mar a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 6 de CEM dá dtagraítear i bpointe 17 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.	"2. Go dtí an 31 Nollaig ***2021***, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéar Roinn 3O mar a léirítear i bhFíor 4 de CEM dá dtagraítear i bpointe 16 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mar a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 6 de CEM dá dtagraítear i bpointe 17 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.”

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1601979773580&uri=CELEX:32019R0833)

Réasúnú

Cinneadh a glacadh ag cruinniú NAFO 2020 nach mór a ionchorprú i ndlí an Aontais.

Leasú 10

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 d (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 18 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7d) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. Go dtí an 31 Nollaig 2020, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéir 1-13 mar a léirítear i bhFíor 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 18 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mar a shainítear trí na comhordanáidí seo a leanas a shonraítear i dTábla 7 de CEM dá dtagraítear i bpointe	"3. Go dtí an 31 Nollaig ***2021***, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéir 1-13 mar a léirítear i bhFíor 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 18 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus mar a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 7 de CEM dá dtagraítear i bpointe 19 den

19 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangail ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.	Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.”

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1601979773580&uri=CELEX:32019R0833)

Réasúnú

Cinneadh a glacadh ag cruinniú NAFO 2020 nach mór a ionchorprú i ndlí an Aontais.

Leasú 11

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 25 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Déanfar gabháil a thuairisciú ar leibhéal speiceas faoina chód 3-alfa comhfhreagrach a leagtar amach in Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo nó, murar ann di in Iarscríbhinn I.C Liosta Speiceas Eolaíocht Uisceach agus Córas Faisnéise Ia scaigh FAO chun críocha Staidrimh Iascaigh. Déanfar meáchan measta siorcanna a ghabhtar in aghaidh an dola nó an chuir a thaifead freisin.’;	Déanfar gabháil a thuairisciú ar leibhéal speiceas faoina chód 3-alfa comhfhreagrach a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn I.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo nó, murar ann di in Iarscríbhinn I.C ***a ghabhann le CEM***, ***bainfear úsáid as*** Liosta Speiceas EBT i ndáil le hEolaíocht Uisceach agus Córas Faisnéise Iascaigh chun críocha Staidrimh Iascaigh. Déanfar meáchan measta siorcanna a ghabhtar in aghaidh an dola nó an chuir a thaifead freisin.;

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na tagairtí d’Iarscríbhinní CEM.

Leasú 12

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 35 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) iascaireacht a dhéanamh i limistéar coiscthe, de shárú ar Airteagal 9(5) ***agus*** Airteagal 18;';	(e) iascaireacht a dhéanamh i limistéar coiscthe, de shárú ar Airteagal 9(5) ***nó*** Airteagal 18;

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht le CEM 2020.

Leasú 13

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 35 – mír 1 – pointe g

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ba) In Airteagal 35(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):
(g) mogallmhéid neamhúdaraithe a úsáid de shárú ar Airteagal 13;	"(g) méid mogaill nó ***méid greille*** neamhúdaraithe a úsáid de shárú ar Airteagal 13 ***nó Airteagal 14*** ;"

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1601979773580&uri=CELEX:32019R0833)

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na cinntí a glacadh ag cruinniú NAFO 2020.

Leasú 14

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe c
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 35 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) gan teachtaireachtaí a bhaineann le gabháil a chur in iúl, de shárú ar Airteagal 12(1) ***agus*** Airteagal 25;';	(k) gan teachtaireachtaí a bhaineann le gabháil a chur in iúl, de shárú ar Airteagal 12(1) ***nó*** Airteagal 25;

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht le CEM 2020.

Leasú 15

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 50 – mír 2 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) sonraíochtaí teicniúla maidir le greillí sórtála nó grátaí agus maidir le slabhraí scoránaithe in iascaireacht ar an séacla a leagtar amach in Airteagal 14(2);	(j) sonraíochtaí teicniúla maidir le greillí sórtála, grátaí agus slabhraí scoránaithe in iascaireacht ar an séacla Artach a leagtar amach in Airteagal 14(2) ***mar aon leis na sonraí teicniúla maidir leis na greillí sórtála nó na socrúcháin a leagtar amach in Airteagal 14(3) nó (3a)***;

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na cinntí a glacadh ag cruinniú NAFO 2020.

Leasú 16

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 50 – mír 2 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) srianta limistéar maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a leagtar amach in Airteagal 18.’.	(k) srianta limistéir ***nó tréimhse*** maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a leagtar amach in Airteagal 18.

Réasúnú

Ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na cinntí a glacadh ag cruinniú NAFO 2020.

Leasú 17

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b
Rialachán (AE) 2019/833
Iarscríbhinn – pointe 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Iarscríbhinn II.XX de CEM dá dtagraítear i bpointe (31) d'Airteagal 3.’.	(45) Iarscríbhinn ***II.H*** de CEM dá dtagraítear i bpointe (31) d’Airteagal 3.

Réasúnú

Tá an tagairt d’Iarscríbhinn CEM mícheart.